

COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA hÉIREANN
(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)

Uimhir chláraithe: 414351

COIMISIÚN
LÁMHSCRÍBHINNÍ NA hÉIREANN
(Cuideachta faoi Theorainn

Ráthaíochta) TUAIRISC NA STIÚRTHÓIRÍ AGUS

RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR

CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2023

84 Bóthar Northumberland

Droichead na Dothra

Baile Átha Cliath 4

COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA hÉIREANN
(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)

EOLAS FAOIN gCUIDEACHTA

Stiúrthóirí

John McCafferty
(Cathaoirleach) Robert
Matthew Armstrong Ciara
Breathnach
Lindsey Earner-Byrne
Liam Chambers
Marie Coleman Peter
Crooks
Elaine Farrell
Patrick Geoghegan
David William Hayton
Niamh Howlin
Thomas Alvin
Jackson Elva
Johnston
Mary Ann Lyons
Kate Manning
Orlaith McBride
Hiram Morgan
Nicola Morris
Audrey Whitty (ceaptha 27 Márta 2023)

Rúnaí cuideachta

Cathy Hayes

Uimhir chláráithe

414351

Oifig Chláráithe

45 Cearnóg
Mhuirfean Baile
Átha Cliath 2

Iniúcháirí neamhspleácha

Duignan Carthy O'Neill Limited
Cuntasóirí Cairte & Gnólacht Iniúchta Reachtúil
84 Bóthar Northumberland
Droichead na
Dothra Baile
Átha Cliath 4

Baincéirí

Banc na hÉireann
Faiche Stiabhna
Baile Átha Cliath 2

COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA hÉIREANN
(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)

CLÁR ÁBHAR

Ráiteas ón gCathaoirleach	Leathanach 4 – 6
Tuairisc na Stiúrthóirí	7 – 17
Tuairisc na nIníúcháirí Neamhspleácha	18 – 20
Ráiteas na nGníomhaíochtaí Airgeadais	21
Clár Comhardaithe	22
Ráiteas Sreabhaidh Airgid	23
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais	24 – 33

COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA hÉIREANN
(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)

RÁITEAS ÓN gCATHAOIRLEACH
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2023

Cuireann an cathaoirleach a ráiteas don tréimhse i láthair.

Ba é W.T. Cosgrave, Uachtarán na hArd-Chomhairle, a chuir Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann (CLÉ) ar bun i mí Dheireadh Fómhair 1928, agus corpraíodh é mar chuideachta faoi theorainn ráthaíochta ar an 24 Eanáir 2006. Ó 1928 is é príomh-shainchúram an Choimisiúin ná na foinsí príomhúla – i mbaillúcháin phoiblí agus phríobháideacha – i gcomhair stair agus oidhreacht chultúrtha na hÉireann a chraobhscaoileadh, a chaomhnú agus a chur chun cinn. In 2023 baineadh amach é seo trí bhunachar sonraí foinsí maidir le stair na mban a fhoilsiú ar líne agus trí eagrán speisialta de shraithfhoilseachán CLÉ do Dheich mBliana na gCuimhneachán agus an seachtú himleabhar den tsraith Teistíochtaí 1641, a bhaineann le contae Loch Garman, a fhoilsiú i gcló.

I mí Feabhra 2023 ghlac CLÉ páirt san fheachtas Léann Éire arís. Agus é á eagrú ag leabharlanna, foilsitheoirí, díoltóirí leabhar agus údair, tá sé mar aidhm ag Léann Éire ceiliúradh a dhéanamh ar an léitheoireacht agus ar na buntáistí ar fad a bhaineann leis ó thaobh folláine agus taitnimh de. Sna seachtainí roimh an lá náisiúnta léitheoireachta ar an 25 Feabhra, rinne CLÉ foinsí maidir le stair na mban, eolaíocht agus litríocht, féilirí agus daonáirimh a chur chun cinn trína shuíomh gréasáin agus a gcuid cainéal meán sóisialta.

Ar an 8 Márta, Lá Idnáisiúnta na mBan, d'fhoilsigh CLÉ bunachar sonraí ar líne de níos mó ná 20,000 taifead a bhaineann le stair na mban ar oileán na hÉireann. Baineadh úsáid as ciste a bronnadh faoin gclár Mná 100 mar chuid de Dheich mBliana na gCuimhneachán sa Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán ar an Ollamh Mary O'Dowd (QUB agus iarbhall de CLÉ) agus as ciste comhfheagrach a chuir an Coimisiún ar fáil chun an acmhainn seo a nuashonrú in 2022 agus tá sé ar fáil go héasca anois tríd an roghchlár Digital Resources ar shuíomh gréasáin CLÉ. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don obair a rinne an tOll. O'Dowd, an tOll. Maria Luddy (Emerita, University of Warwick), an Dr Frances Nolan (UCD) agus an tUas. Niall O'Leary as an athbhreithniú ar an acmhainn seo a sholáthar go pras.

Tá dhá acmhainn bunachar sonraí eile atá ag teacht le heagrán i gcló de chuid CLÉ atá ar na bacáin á bhforbairt freisin agus rinneadh neart oibre orthu siúd in 2023: (1) bunachar sonraí de shleachta nuachtán ina léirítear comhpháirtíochtaí gnó, agus atá ag teacht le *Business in Ireland 1711–1860: records of business partnerships in the Registry of Deeds*, a chuir Sean Magee agus Maire Mac Conghail in eagar agus (2) comhfheagrás Iodáilise an Chairdinéil Paul Cullen - tras-scríbhinní Iodáilise atá ag teacht leis an eagrán i dtrí imleabhar i gcló den aistriúchán den chomhfheagrás sin, atá á chur in eagar ag an Ollamh Anne O'Connor faoi láthair.

Ghlac CLÉ le plean forbartha straitéisí nua ag a chruinniú ar an 27 Márta 2023. Clúdaítear an tréimhse 2023 go 2027 sa plean ina ndéantar athdhearbhú gur mian leis an gCoimisiún comhairle a thabhairt don Rialtas mar threoir ag beartais a bhaineann le hábhair foinsí príomhúla atá riachtanach chun tuiscint a fháil ar stair na hÉireann agus ar scríobh na staire sin sa todhchá. Forbraíodh an phleanáil straitéiseach faoi chathaoirleacht Aideen Ireland Uas., ó Chartlann Náisiúnta na hÉireann roimhe sin, agus táim fíorbhuíoch de Ireland Uas. as a ceannaireacht chúramach sa phróiseas sin a cuireadh i gcrích ag tús 2023 agus den am agus den dua a chaith comhaltaí an Choiste um Athbhreithniú Straitéiseach: an Dr Peter Crooks, an tOllamh David Hayton, an Dr Niamh Howlin,

COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA hÉIREANN
(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)

RÁITEAS ÓN gCATHAOIRLEACH
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2023

Nicola Morris agus an Dr Cathy Hayes. Is fiú a lua anseo go n-áireofar leis an gcéad phlean straitéiseach eile ócáid mhór chomóradh céad bliain bhunú an Choimisiúin.

Ba mhór an pléisiúr dúinn Duais Tionscnaimh Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann do Mhic Léinn a fhógairt i mí na Bealtaine 2023. Tairgeadh duais €1,000 do mhac léinn iarchéime as cáipéis ghairid staire a chur in eagar agus d'fhéadfaí í a fhoilsiú in *Analecta Hibernica* freisin. Foilsíodh na rialacha maidir le hiarratais ar shuíomh gréasáin CLÉ agus cuireadh chun cinn iad trí na cainéil meán sóisialta. Cuireadh críoch leis an gcomórtas ar an 31 Lúnasa agus thug a líon mór iontrálacha ardchaighdeáin an-sásamh dúinn. Sa deireadh, bronnadh ceithre dhuais ar thaiscthí dar tugadh ardmholadh agus bronnadh an chéad duais ar Nina Cnockaert-Guillou as Cambridge University atá i mbun staidéir faoi láthair ag Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath (féach na sonraí i dTuarascáil na Stiúrthóirí). Bhí comhaltaí CLÉ thar a bheith sásta go raibh na taiscthí sa Ghaeilge, sa Bhéarla agus sa Laidin.

Le linn 2023 cuireadh aon eagrán déag eile le háis na nEagrán Digiteach ag CLÉ. I mí an Mheithimh cuireadh cúig theideal leis: *The Letterbook of Richard Hare, Cork merchant, 1771–1772*, eag. James O'Shea (2013); *The Drennan-McTier letters, Vol. 1, 1776–1793*, eag. Jean Agnew (1998); *Guide to the Genealogical Office, Dublin* (1998); *Letters and papers relating to the Irish rebellion between 1642–4*, eag. James Hogan (1936); *Leabhar c/oinne Aodha Buidhe*, eag. Thadhg Ó Donnchadha (1931). I mí na Samhna cuireadh sé theideal eile leis: *The letters of Katherine Conolly, 1707–1747*, eag. Marie-Louise Jennings agus Gabrielle M. Ashford (2018); *The transplantation to Connacht, 1654–58*, eag. Robert C. Simington (1970); *Patentee officers in Ireland 1173–1826*, eag. James I. J. Hughes (1960); *Quaker records, Dublin: abstracts of wills*, eag. P. Beryl Eustace agus Olive C. Goodbody (1957); *The chronicle of Ireland, 1584–1608*, eag. Herbert Wood (1933); *The Red Book of Ormond*, eag. Newport B. White (1932). Fágann sé seo go bhfuil 70 eagrán digiteach d'eagráin de chuid CLÉ atá as cló ar fáil lena n-íoslódáil saor in aisce ó shuíomh gréasáin CLÉ.

Ag ár gcruinniú i mí Mheán Fómhair, bhí ríméad orainn gur labhair an tUas. Brian Donnelly linn, ar shuirbhéir é le the Business Records Survey (BRS) sna 1980idí, ach ar cartlannaí sinsearach é anois ag CNÉ. Bhunaigh CLÉ an BRS sna 1970idí agus bhog sé go dtí CNÉ go luath sna 1990idí. Tá luach ollmhór leis na taifid seo mar fhoinsé staire socheacnamaíche agus thug an tUas. Donnelly an t-eolas is deireanaí don Choimisiún ar an éagsúlacht taifead atá i gceist chomh maith leis an obair - atá ar sos faoi láthair - chun na bailiúcháin sin a chur ar fáil trína liostú. Cuireadh taifead ar an gcur i láthair a rinne sé san áireamh le miontuairiscí an chruinnithe.

Ar an 7 Deireadh Fómhair 2023 ghlac CLÉ páirt i bhFéile na Staire, Baile Átha Cliath, a reáchtáilann Leabharlann agus Cartlann Chathair Bhaile Átha Cliath, agus thug sé léacht faoin réabhlóidí diamhair Earnán Ó Máille. D'eagraigh CLÉ léacht phoiblí dar theideal "Reading the Unreadable - Ernie O'Malley's notebooks", a thug an tOllamh Anne Dolan (TCD) agus an Dr Eve Morrison (UCD) le chéile. Tar éis Chogadh na gCarad thaistil Ó Máille sa Fhrainc, sa Spáinn agus san Iodáil idir 1924–26 agus ansin idir 1928–35 thaistil sé ar fud Mheiriceá Thuaidh, New Mexico agus Cathair Mheicsiceo san áireamh. Scriobh sé dhá dhírbheathaisnéis aitheanta ach, rud atá chomh tábhachtach céanna leis sin, ó na 1930idí go dtí 1954 chur sé agallamh ar 450 iarshaighdiúir náisiúnach radacach ó Chogadh na Saoirse agus ó Chogadh na gCarad arbh iarbhail d'Óglaigh na hÉireann a bhformhór. Sna taifid i leabhair nótaí a gcuid agallamh cuireann sé síos ar thaithí na n-agallaithe go neamhbhalbh agus gan

COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA hÉIREANN
(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)

RÁITEAS ÓN gCATHAOIRLEACH
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2023

aon ní a cheilt. Cé go bhfuil an-luach stairiúil leis na tras-scríbhinní seo ní bhaintear dóthain úsáide astu mar gheall ar pheannaireacht Uí Mháille, atá fíordheacair a léamh. A bhuí le bogearraí nuálacha tras-scríofa Transkribus, áfach, tá an Dr Morrison agus an tOllamh ag obair chun an t-ábhar ar fad i leabhair nótaí Uí Mháille a thras-scríobh ina iomláine. Chun teacht ar thuilleadh sonraí, féach ar Rannpháirtíocht an Phobail ar Igh 10–11.

Bhí críoch iontach leis an mbliain nuair a seoladh eagrán speisialta de shraithfhoilseachán CLÉ, *Analecta Hibernica*, ar an 29 Samhain. Seoladh an t-eagrán seo céad bliain tar éis d'Oifig na dTaifead Poiblí a bheith scriosta ar an 30 Meitheamh 1922 ach díreann ann ar na cáipéisí a tháinig slán as an eachtra thubaisteach sin. Is as cartlanna in Éirinn, sa Ríocht Aontaithe agus sna SA a thagann na hailt a foilsíodh in *Analecta Hibernica*, Uimh. 53 agus coimeádadh iad d'fhonn léargas ilghnéitheach ar oidhreacht shaibhir cháipéisíochta na hÉireann thar thréimhse os cionn 700 bliain a nochtadh. Foilsíodh an t-eagrán seo i gcomhar le Maoinchiste Annála Samhalta na hÉireann agus áirítear leis suirbhé tuairisciúil ar na hábhair a tarrtháladh ó fhothrach Oifig na dTaifead Poiblí - an chéad iarracht chun tuiscint a fháil ar an ábhar tarrtháilte i mbeagnach céad bliain. San alt deireanach, an chéad aiste de CLÉ atá bunaithe ar ghrianghraif dhaite, cuirtear sampla amhairc de na taifid tharrtháilte leis an suirbhé agus cuireann na híomhánna cumhachtacha den chaomhnú, d'ainneoin an dochair, bailchríoch ar an eagrán speisialta seo.

Déantar ionadaíocht do CLÉ go fóill ar ghrúpa stiúrtha Acmhainn Chartlainne na hÉireann (www.iar.ie), seirbhís saor in aisce ar líne lena dtacaítear le seirbhísí cartlainne ar fud na hÉireann lena gcuid tuairiscí bailiúcháin atá comhlíontach le ISAD(G) a uaslódáil chuig tairseach gréasáin, agus le go mbeidh sé níos éasca teacht ar a gcuid taifead. Is féidir le daoine a úsáideann tairseach Acmhainn Chartlainne na hÉireann taifid a chuardach ina lán taisclann i dtuaisceart agus i ndeisceart an oileáin, lena n-áirítear go leor taisclanna beaga.

Tá fostaí buan amháin ag CLÉ - an Dr Cathy Hayes, riarthóir an Choimisiúin - agus beirt fhostaithe ar conradh – Judith O'Brien Uas. agus Sarah Rowley Uas. Ba mhaith liom mo bhuíochas as a gcuid oibre agus as a dtiomantas do CLÉ in 2023 a chur ar taifead.

Mar fhocal scoir, ní mór dom an méid a scríobh mé i dtuarascálacha roimhe seo athscríobh anseo: nach bhfaigheann baill CLÉ aon íocaíocht ar an méid a dhéanann siad a theastaíonn ón gCoimisiún lena gcuid sainchúraimí a chomhlíonadh. Táthar ag cloí leis an traidisiún seirbhíse seo ar son an léinn agus an stáit araon ó bunaíodh an Coimisiúin i 1928.

John McCafferty

Cathaoirleach

Dáta: 27 Feabhra 2024

COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA hÉIREANN
(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)

TUAIRISC NA STIÚRTHÓIRÍ
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2023

Cuireann na stiúrthóirí a dtuarascáil bhliantúil agus na ráitis airgeadais iniúchta don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 i láthair.

Ráiteas Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí

Tá na stiúrthóirí freagrach as Tuarascáil na Stiúrthóirí agus na ráitis airgeadais a ullmhú de réir dhlí agus rialacháin na hÉireann.

De réir dhlí na gcuideachtaí in Éirinn éilítear ar stiúrthóirí na ráitis airgeadais a ullmhú do gach bliain airgeadais. De réir an dlí, roghnaigh na stiúrthóirí na ráitis airgeadais a ullmhú de réir Acht na gCuideachtaí 2014 agus Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102 'An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa RA agus i bPoblacht na hÉireann' (lena n-áirítear Carthanais SORP (FRS 102)).

De réir dhlí na gcuideachtaí, níor cheart do na stiúrthóirí na ráitis airgeadais a fhorghnó ach amháin má tá siad sásta go dtugtar léargas fírinneach cóir iontu ar shócmhainní, dlíteanais agus staid airgeadais na Cuideachta ar dháta críochnaithe na bliana airgeadais agus ar bharrachas nó easnamh na bliana airgeadais sin agus go bhfuil siad ag teacht le hAcht na gCuideachtaí, 2014.

Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú acu, éilítear ar na stiúrthóirí:

- beartais chuí chuntasaíochta a roghnú do ráitis airgeadais na Cuideachta agus iad a chur i bhfeidhm go seasta ansin;
- Breithiúnais agus meastacháin chuntasaíochta atá réasúnach agus stuama a dhéanamh;
- a rá cé acu a ullmhaíodh nó nár ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir caighdeán chuntasaíochta is infheidhme agus tionchar aon imeachta ábhartha ó na caighdeáin sin, agus an chúis atá leis, a lua; agus
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthas leantach ach amháin más míchuí a thoirmeach go leanfaidh an Chuideachta i ngnó.

Tá na stiúrthóirí freagrach as a chinntiú go gcoimeádann an Chuideachta taifid leordhóthanacha chuntasaíochta, nó go gcoimeádtar iad ar a son, ina gcuirtear síos go cruinn ar idirbhearta na Cuideachta agus ina dtaifeadtar iad go cruinn, lenar féidir sócmhainní, dlíteanais, staid airgeadais agus brabús nó caillteanas na Cuideachta a aimsiú go réasúnta cruinn am ar bith, lenar féidir leis na stiúrthóirí a dheimhniú go bhfuil na ráitis airgeadais agus Tuarascáil na Stiúrthóirí ag teacht le hAcht na gCuideachtaí 2014 agus lenar féidir iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais. Tá siad freagrach freisin as sócmhainní na Cuideachta a chosaint agus dá bhrí sin as bearta réasúnta a dhéanamh chun calaois agus mírialtachtaí a chosc agus a aimsiú.

Tá na stiúrthóirí freagrach as coinneáil agus sláine na faisnéise corparáidí agus airgeadais a áirítear ar shuíomh gréasáin na Cuideachta. D'fhéadfadh Poblacht na hÉireann a bheith éagsúil le dlínsí eile ó thaobh na reachtaíochta lena rialaítear ullmhú agus craobhscaoileadh ráiteas airgeadais.

COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA hÉIREANN
(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)

TUAIRISC NA STIÚRTHÓIRÍ
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2023

Príomhghníomhaíocht

Ba é príomhghníomhaíocht Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann (CLÉ) ná foinsí príomhúla lámhscríbhinne a fhoilsiú i gcló agus ar líne ar son stair agus chultúr na hÉireann. Ní fhoilseofaí na foinsí seo murach sin mar níl siad inmhathana ó thaobh na tráchtála de réir sainmhíniú ar bith. Mar chomhlachas poiblí feidhmíonn CLÉ mar chomhairleoir don rialtas, nuair is gá, maidir le ceisteanna a bhaineann le foinsí príomhúla i gcoitinne agus cuireann sé feasacht phoiblí agus institiúideach araon ar an tábhacht a bhaineann leo chun cinn.

Athbheithniú Gnó

Ar aon dul lena phlean forbartha straitéisí is deireanaí tá CLÉ ag leanúint dá chuid oibre chun a phríomhchuspóir a bhaint amach agus baineann sé seo le foinsí príomhúla a fhoilsiú agus le feasacht agus rochtain ar ábhair foinsí príomhúla a chur chun cinn ar son stair, chultúir agus oidhreacht na hÉireann agus a cuid pobal. Le linn 2023, chuir CLÉ lena chuid gníomhaíochtaí chun a thosaíochtaí straitéiseacha a bhaint amach mar fhoilsitheoir, mar chomhpháirtí comhoibríoch, mar shainchomhairleoir, mar thionscnóir feasachta ar an ngá le foinsí príomhúla a chaomhnú agus mar thathantóir agus mar chleachtóir maidir leis an digitiú. Tá sé seo déanta aige trína chuid foilseachán, trí obair a chuid coistí, mar chroí-chomhpháirtí de Mhaoinchiste Annála Samhalta na hÉireann, trí theagmháil leanúnach leis an Suirbhé ar Thairfidh Ghnó ag Cartlann Náisiúnta na hÉireann agus trí obair leanúnach i dtreo ballraíocht de Thaisclann Dhigiteach na hÉireann.

Forbairt Amach Anseo

Leanfaidh CLÉ dá chuid acmhainní a úsáid chun foinsí lámhscríbhinní príomhúla a fhoilsiú. Leanfaidh sé de chaomhnú foinsí príomhúla ó gach tréimhse a chur chun cinn, agus go háirithe – trí obair a Choiste Feasachta um Chaomhnú agus Rochtain – chun feasacht an phobail a mhúscailt ar an ngá le páipéir agus comhfhreagras na linne seo a chaomhnú; beidh na tairfidh seo ina bhfoinsí príomhúla do stairithe sa todhchaí agus iad ag obair ar an aonú haois is fiche.

Ar aon dul lena shainchúram seirbhíse poiblí, úsáidfidh CLÉ teicneolaíochtaí nua-aimseartha chun eagráin leictreonacha ina liosta saothar atá fós i gcló a chur chun cinn agus a chur ar fáil trína shuíomh gréasáin agus trí thairseacha cuí náisiúnta agus Eorpacha a bhaineann le hoidhreacht chultúrtha. Cuirfear foilseacháin de chuid CLÉ nach bhfuil i gcló a thuilleadh ar fáil saor in aisce d'úsáideoirí ar líne, in Éirinn agus ar fud an domhain, trí shuíomh gréasáin CLÉ ach trí thaisclanna oiriúnacha eile freisin, leithéidí Mhaoinchiste Annála Samhalta na hÉireann agus Thaisclann Dhigiteach na hÉireann.

Sa phlean forbartha straitéisí cúig bliana cruthaítear creat soiléir do CLÉ lena thosaíochtaí straitéiseacha a bhaint amach agus lena sheirbhísí a sholáthar ar aon dul le príomhchuspóir a Bhunreachta agus aird chuí á tabhairt aige ar ardchaighdeán sa rialachas corparáideach agus sa chomhlíontacht le cód rialachais na gcarthanas agus ar chuntasacht do gach páirtí leasmhar de CLÉ.

COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA hÉIREANN
(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)

TUAIRISC NA STIÚRTHÓIRÍ
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2023

Príomhríosaí agus príomhéiginnteachtaí

Is iad na príomhríosaí agus príomhéiginnteachtaí a théann i bhfeidhm ar Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann ná cistiú leanúnach ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán agus pleanáil comharbais.

In 2022 cuireadh buiséad bliantúil CLÉ ar ais ar leibhéil 2011 agus in 2023 cuireadh méadú €10,000 leis. Cé go bhfuiltear ag súil go gcoinneofar an leibhéal seo cistithe sa todhchaí, is meabhrúchán é an laghdú sa deontas le deich mbliana anuas go mbíonn cistiú leordhóthanach i mbaol i gcónaí le seirbhísí a choinneáil agus lena chinntiú nach mbeidh an cistiú níos ísle ná costais iarbhír.

D'fhéadfadh pleanáil comharbais maidir le téarmaí bhaill agus phríomhbhaill foirne CLÉ rathúlacht leanúnach chlár foilseachán CLÉ a chur i mbaol. Tabharfar aghaidh ar an riosca seo trí mhachnamh an bhoird ar thosca ábhartha agus trí straitéis a ghlacadh agus a chur i bhfeidhm maidir le príomhthréimhsí aistrithe.

Gníomhaíochtaí

Foilseacháin

In 2023 d'fhoilsigh CLÉ bunachar sonraí ar líne, eagrán dá shraithfoilseachán agus eagrán amháin.

Foinsí Stair na mBan in Éirinn

Foilsíodh an bunachar sonraí athbhreithnithe agus nuashonraithe arna pháirtchistiú ag Mná 100 ar an 8 Márta agus tá leagan inchoardaithe ann d'acmhainní a d'fhoilsigh CLÉ i gcomhar le Tionscadal Stair na mBan den chéad uair ar CD-ROM i 1999.

Sna 23 bliana ó shin, ní hamháin go bhfuil athrú tagtha ar an teicneolaíocht, ach tá athrú ollmhór tagtha ar thírthreoch stair na mban in Éirinn ó 1999. Tá an staidéar ar ról na mban i saol polaitiúil, geilleagrach, sóisialta agus cultúrtha na hÉireann tagtha chun cinn ó na 1970idí agus tá an méid taighde sna réimsí seo ag fás i gcónaí. Tá an fhorbairt sa stair inscne agus sa stair shóisialta in Éirinn thar a bheith soiléir ó foilsíodh an bunachar sonraí bunaidh. Murach an rochtain ar fhoinsí cartlainne amháin na cinn a liostaítear sa bhailiúchán seo bheadh sé i bhfad ní ba dheacra taighde a dhéanamh don líon mór alt agus leabhar a foilsíodh sa réimse seo.

Nuair a chuaigh na hOllúna Mary O'Dowd agus Maria Luddy, baill d'fhoireann bhunaidh Thionscadal Stair na mBan, chun cainte le CLÉ agus leis an aonad Mná 100 sa Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán chun tacaíocht a fháil le hábhair an CD-ROM oidhreachta a dhigitíú lena chur ar fáil mar sheirbhís ghréasánbhunaithe a bheadh ar fáil saor in aisce agus go poiblí, thapaigh CLÉ an deis go fonnmhar. Tá lúcháir orainn gur nuashonraíodh agus gur athbhreithníodh an acmhainn seo agus go bhfuil rochtain uirthi ar líne. Ba léir an tóir ar rochtain ar an bhfaisnéis sa bhunachar sonraí seo sna staitisticí maidir le cainéil meán sóisialta CLÉ thart ar an am a seoladh é agus fuair postáil amháin os cionn 18,000 amharc ar an ardán darbh ainm Twitter tráth.

Analecta Hibernica Uimh. 53: Eagrán Speisialta - The fire of 1922

COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA hÉIREANN
(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)

Foilsíodh an t-eagrán speisialta de shraithfhoilseachán CLÉ i mí na Samhna agus ba iad an Dr Peter Crooks, an Dr Elva Johnston agus an Dr Timothy Murtagh a rinne eagarthóireacht air.

Léiríodh an t-eagrán – a foilsíodh céad bliain tar éis d'Oifig na dTaifead Poiblí in Éirinn a bheith scríosta - d'fhonn léargas ilghnéitheach ar oidhreacht shaibhir dhoiciméadach thar thréimhse os cionn 700 bliain a nochtadh trí cháipéisí aonair a roghnú go cúramach. Foilsíodh an t-eagrán seo i gcomhar le Maoinchiste Annála Samhalta na hÉireann agus áirítear leis suirbhé tuairisciúil ar na hábhair a tarrtháladh ó fhothrach Oifig na dTaifead Poiblí – an chéad iarracht chun tuiscint a fháil ar an ábhar tarrtháilte i mbeagnach céad bliain. San alt deireanach, an chéad aiste de CLÉ atá bunaithe ar ghrianghraif dhaite, cuirtear sampla amhairc de na taifid tharrtháilte leis an suirbhé agus cuireann na híomhánna cumhachtacha den chaomhnú, d'ainneoin an dochair, bailchríoch ar an eagrán speisialta seo.

I measc na gcáipéisí eile a chuirtear i láthair san imleabhar seo tá: imscrúdú (ó 1284) ar ghearáin agus líomhaintí i gcoinne chisteoir na hÉireann; ceann de na foinsí is luaithe ó stair shaothair na hÉireann (leabhar miontuairiscí chuallacht siúinéirí Bhaile Átha Cliath don tréimhse 1514-20); scothaicme 1616; aicme nua lonnaitheoirí Protastúnacha a ghlac áit na sean-scothaicme Sasanaí, mar a léirítear sa liosta aionna i gcomhair insealbhú an Fhir Ionaid in 1616; tuairisceáin atá fós ann ón gcéad daonáireamh oifigiúil in Éirinn in 1813-15; litreacha ó bhailiúchán comhfhreagrais Oifig na dTaifead Poiblí in Éirinn ina ndoiciméadaítear bunú agus feidhmiú na hoifige i gcomhthéacs na n-imeachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta a thit amach sular forghabhadh agus scríosadh í i 1922

COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA hÉIREANN
(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)

TUAIRISC NA STIÚRTHÓIRÍ
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2023

1641 Teistíochtaí: Imleabhar VII - Loch Garman

I lár mhí na Nollag seoladh téacs an imleabhair is deireanaí den tsraith 12 imleabhar Teistíochtaí 1641 chuig an gclódóir. Cé go mbeidh cóipeanna ceangailte ar fáil go luath in 2024, tá inphionta 2023 ar an eagrán.

Mar is eol do go leor daoine, ráitis finnítithe is ea Teistíochtaí 1641 ó Phrotastúnaigh den chuid is mó ach ó roinnt Caitliceach freisin agus iad as gach aicme den saol.

Sna hiniúchtaí a áirítear leis an imleabhar a chlúdaíonn Loch Garman cuirtear foinse faisnéise ar fáil faoin mbealach ar shlóg an pobal chun cogaíochta atá níos saibhre ná mar atá ann do chontae ar bith eile. Áirítear leis seo cuntais (ó bhunfhoinsé go minic) ar na socruithe a rinneadh chun fir throda a chruinniú agus a sholáthar. Léirítear iontu freisin gur bhain an foréigean i gCo. Loch Garman le hoibríochtaí léigir a eagraíodh go poiblí den chuid is mó i gcoinne dúnfort agus caisleán. Tá cuntais chruinne fós ann ar an smacht polaitiúil a cuireadh i bhfeidhm trí chruinnithe poiblí, ar ordlathas na n-ionadaithe a cruthaíodh ar fud an chontae chun coistí a chomhordú agus ar an mbealach docht a ar éilítí mionn comhlachais Chaitlicigh na Comhdhála faoi mhaoirseacht na cléire.

Tá na teistíochtaí bunaidh a taifeadadh i 1642–6, san imleabhar ach is éard atá i bhformhór na bpáipéar a bhaineann le Loch Garman ná sraith taifead, nach bhfuil ach dhá shraith díobh fós ann, de 'Commissions of Delinquency' ('Coimisiúin Chiontóireachta'), a ceapadh i ngach ceantar ag deireadh 1653 chun cur i bhfeidhm Acht an tSocraithe in 1652 a ullmhú. Ba é an cúram a bhí orthu ná sealbhóirí talún nár tugadh pardún dóibh faoi théarmaí an achta a ainmniú, toisc go ndeachaigh siad chun troda sa chéad bhliain den éirí amach nó gur chuidigh siad le daoine a chuaigh chun troda, agus nach raibh i dteideal talamh 'cúiteach' a fháil i gConnachta dá bhrí sin.

Tá na cáipéisí seo rithábhachtach chun tuiscint a fháil ar athroinnt na talún sa seachtú haois déag in Éirinn.

Seoltaí in 2023

Reáchtáladh seoladh amháin leabhair in 2023 agus bronnadh Duais Tionscnaimh CLÉ do Mhic Léinn ag an ócáid chéanna. Measann CLÉ gur deis iad seoltaí leabhar ní hamháin chun foilsiú eagrán a cheiliúradh agus chun buíochas a ghabháil le heagarthóirí as a gcuid oibre, ach chun feasacht níos fairsinge a chur chun cinn ar an ngá le foinsí príomhúla lámhscríbhinní a chur ar fáil a bhféadfadh sé a bheith deacair teacht orthu murach sin.

Analecta Hibernica Uimh. 53: Eagrán Speisialta - The fire of 1922

Ar an 29 seoladh Analecta Hibernica Uimh. 53 ag ócáid a reáchtáladh ag Uimh. 45 Cearnóg Mhuirfean.

Tá an t-eagrán seo mar chuid de chlár Dheich mBliana na gCuimhneachán ag CLÉ agus cuirtear naoi gcáipéis i láthair ann ina léirítear seacht gcéad bliain de stair na hÉireann ó na bailiúcháin ag an gCartlann Náisiúnta in Éirinn, Public Record Office of Northern Ireland, the National Archives, UK agus The Folger Shakespeare Library, Washington DC. Chuir an tOllamh John McCafferty, Cathaoirleach CLÉ, fáilte roimh aionna agus thug sé cuireadh don Ollamh Thomas O'Connor (Ollscoil Mhaigh Nuad)

COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA hÉIREANN
(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)

chun an t-imleabhar a sheoladh. San óráid a thug sé, dúirt an tOllamh O'Connor gur gheall le méala é

TUAIRISC NA STIÚRTHÓIRÍ
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2023

nuair a cailleadh Oifig na dTaifead Poiblí ar an 30 Meitheamh 1922. Ní raibh an t-am ag daoine tábhacht chaillteanas na gcéadta bliain de thaifid dhoiciméadacha a thuiscint ina iomláine nuair a bhí Cogadh na gCarad ar siúl ná nuair a bhí an stát nuabhunaithe ag streachailt agus é ag iarraidh é féin a chur ar a bhoinn. Thug sé le fios gur ghlac an náisiún leis an gcaillteanas le himeacht ama agus go raibh sé, tar éis roinnt tréimhsí ag déanamh bróin agus gearán, "empowered to do something really daring with the retrieved experience". Thug sé aitheantas don "historical reimagining" ("athshamhlú stairiúil") de Mhaoinchiste Annála Samhalta na hÉireann agus do na cóipeanna digiteacha de míreanna a cailleadh atá ar fáil ón tseif fhíoriúil. Mhaigh sé gur úsáideamar na "cybernetic portals of the Virtual Record Treasury of Ireland" chun cuireadh ar ais chuig Baile Átha Cliath a thabhairt do "not only the orphaned fragments of the old PROI but also their scattered kin from around the globe". Mhol sé fíis "chinéiteach" Mhaoinchiste Annála Samhalta na hÉireann agus an chaoi ar leag siad síos "a new world standard for archives and archiving" agus sheol sé *Analecta Hibernica* Uimh. 53 go foirmiúil mar léiriú cruthanta ar an bhfís sin.

Thar ceann na n-eagarthóirí, d'fhreagair an Dr Peter Crooks, ghabh sé buíochas leis na scríbhneoirí ar fad san eagrán speisialta agus thug sé achoimre ar an éagsúlacht foinsí doiciméadacha a bhí curtha i láthair acu. Dúirt sé, "while this special issue of *Analecta Hibernica* marked the centenary of a 'national calamity' – the fire of 1922 – it also celebrated the contribution of the IMC as a core partner within the 'Beyond 2022' research programme, which had created the Virtual Record Treasury of Ireland as a dynamic legacy for the Decade of Centenaries." Agus é ag caint faoin aiste bunaithe ar ghrianghraif atá ag deireadh an eagrán, dúirt sé, "working on records salvaged from the ruins of the PRO! - whose conservation at NAI was sponsored by IMC across two phases of research - had been an immense privilege. The visual sample of salvaged documents tells a powerful story of loss and recovery and should animate further exploration of these precious fragments of our shared history."

An Chéad Duais do Mhic Léinn le CLÉ

Faoi Dhuais Mhic Léinn Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann, a bunaíodh in 2023, bronnar duais as foinse phríomha neamhfhoilsithe (lámhscríbhinn, clóscríbhinn, tras-scríbhinn) ó aon tréimhse, a bhfuil baint aici le hÉirinn, a chur in eagar. Is féidir le mic léinn iarchéime nó dochtúireachta cur isteach uirthi laistigh de 2 bhliain tar éis dóibh céim a bheith bronnata orthu agus réachtálfar é ar bhonn leathbhliantúil ó 2024 ar aghaidh.

Ag searmanas ar an 29 Samhain bronnadh Duais Tionscnaimh Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann do Mhic Léinn (€1,000 agus bonn airgid) ar Nina Cnockaert-Guillou, iarrthóir PhD ag University of Cambridge, as a taisceadh *The story of the three men and the dog of Iruath* taken from the UCDA, Franciscan MS A 4 version of *Acal/am no senorach* 'The colloquy of the ancients'. Ba í an Dr Elva Johnston, ball de CLÉ agus eagarthóir shraithfhoilseachán CLÉ, *Analecta Hibernica*, a bhronn an duais agus mhol sí caighdeán na dtaiscthí.

Tugadh ardmholadh do thaiscthí ó cheathrar mac léinn eile: Emmet de Barra (iarrthóir PhD, TCD) as *Cumam croinic do chloinn Neill* - RIA, MS 23 E 26 with additional readings from RIA, MS 23 G 8 and TCD, MS 1345 (H. 4. 1–3); John Marshall (iarrthóir PhD, TCD) as *The partition of the estates of the Marshal earls of Pembroke and lords of Leinster, 1247* - TNA, CGG/273; agus Rachel Newell (iarrthóir PhD,

COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA hÉIREANN
(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)

TUAIRISC NA STIÚRTHÓIRÍ
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2023

QUB) as *Crimes relating to the fraudulent receipt of Separation Allowance, Belfast, July 1915* – PRONI, Crown and Peace Records, BELF/1/1/2/47/50 and BELF/1/1/2/47/51. Tugadh ardmholadh don Dr Courtney Selvage (ar bronnadh PhD uirthi in 2023, University of Ulster) in absentia as a taisceadh *Betha Farannain, the life of Saint Farannan* - Brussels KBR, MS 419()–4200, ff 91v–94v.

Seirbhísí agus fógraíocht

Mar a luadh i dtuarascálacha bliantúla roimhe seo, faigheann oifig CLÉ glaonna gutháin agus fiosruithe ó gach cearn den domhan. Bainistítear iad seo faoi théarmaí ár gcairte custaiméirí. Soláthraítear roinnt seirbhísí ar shuíomh gréasáin CLÉ, lena n-áirítear: foilseacháin CLÉ a dhíol ar líne; PDFanna in-íoslódáilte d'eagráin dhigitithe de CLÉ atá as cló; bunachair shonraí inchuadaithe; an nuacht is deireanaí maidir leis na foilseacháin is deireanaí agus le himeachtaí eile; tograí foilseacháin a thaisceadh ar líne; cóip in-íoslódáilte den chatalóg foilseachán is deireanaí de CLÉ; agus tuarascálacha de chineálacha éagsúla, tuarascálacha bliantúla, pleananna forbartha straitéisí agus doiciméid bheartais ina measc.

Le linn 2023 chuir CLÉ lena ghníomhaíocht sna meáin shóisialta agus lean a lucht leanúna ar an ardán X, ar a dtugtaí Twitter roimhe seo (3,371 leantóir) agus ar You Tube (2,071 amharc agus 49 síntiúsóir) ag fás. Táthar ag súil go leanfaidh CLÉ ag cothú caidrimh le pobail nua úsáideoirí trí na meáin shóisialta agus ag freastal ar an éileamh ar bhealaí nua le feasacht ar fhoilseacháin CLÉ agus ar obair an Choimisiúin i gcoitinne chun taifid a chaomhnú agus a chur chun cinn.

Rinne CLÉ fógraíocht i réimse leathan foilseachán clóite le linn 2023. Rinneadh fógraíocht go fóill i ngach eagrán den iris staire móréilimh *History Ireland* agus cuireadh eagrán a foilsíodh le gairid chun cinn, *Analecta Hibernica* Uimh. 52 san áireamh, chomh maith le féilirí de chartlanna teaghlaigh agus eastáit, na foinsí do bhunachar sonraí stair na mban in Éirinn, foinsí príomhúla don litríocht agus acmhainní digiteacha saor in aisce CLÉ. Cuireadh acmhainní staire teaghlaigh chun cinn san Family Directory bliantúil a fhoilsíonn Ulster Historical Foundation agus i dtaispeántas taistil UHF i Meiriceá Thuaidh freisin. Cuireadh fógraí spriocdhírthe in eagrán den *Times Literary Supplement* agus den *Senior Times* freisin agus ullmhaíodh trí fhógrán don Irish Book Trade Conference i gCorcaigh i mí Feabhra inar cuireadh Teistíochtaí 1641, *Mapping Ireland* agus roinnt foilseacháin nua chun cinn. Tá na hionaid meán seo rithábhachtach chun foilseacháin CLÉ a chur chun cinn do na pobail staraithe gairmiúla agus amaitéara, leabharlannaithe, agus ginealeolaithe/staraithe teaghlaigh. Gné thábhachtach is ea an fhógraíocht chlóite, in éineacht le gníomhaíocht sna meáin shóisialta, chun foilseacháin CLÉ a chur chun cinn i measc an lucht léitheoireachta, idir sheanbhunaithe agus nua, in Éirinn agus thar lear. Chloígh CLÉ leis na ceanglais a tugadh isteach faoi Alt IOA d'Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021 sa mhéid go ndearnadh 20 faoin gcéad ar a laghad dá chuid fógraíochta in 2023 sa Ghaeilge agus gur úsáideadh 5 faoin gcéad ar a laghad den chaiteachas fógraíochta chun fógraíocht a dhéanamh sa Ghaeilge trí na meáin Ghaeilge.

Acmhainní Digiteacha CLÉ

Cuireann CLÉ réimse acmhainní digiteacha ar fáil trína shuíomh gréasáin, ó chóipeanna in-íoslódáilte d'eagráin de chuid CLÉ atá as cló go bunachair shonraí inchuadaithe agus cuireann sé leis na hacmhainní seo ar bhonn leanúnach.

COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA hÉIREANN (Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)

TUAIRISC NA STIÚRTHÓIRÍ DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2023

Go nuige seo, cuireadh 70 eagrán as cló d'fhoinsí príomhúla (lena n-áirítear sraitheanna amhail *The Civil Survey*, *The Correspondence of Daniel O'Connell* agus *Calendar of Ormond Deeds*) ar fáil ar líne tríd an tseirbhís Eagrán Dhigiteacha ag CLÉ. Tá siad ar fáil mar PDFanna in-íoslódáilte a fhéadann daoine a stóráil go logánta agus a úsáid as líne. Cuirfeadh tuilleadh eagrán leis an acmhainn seo gach bliain agus tá sé i gceist ag CLÉ a chuid eagrán ar fad a chur ar fáil ar líne faoin gcomóradh céad bliain in 2028.

I dteannta na bhfoinsí nuafhoilsithe do stair na mban in Éirinn a luadh thuas (Activities > Publications) tá dhá bhunachar sonraí eile ar fáil ar shuíomh gréasáin CLÉ, mar a tuairiscíodh i dtuarascálacha roimhe seo – tá an chéad cheann acu bunaithe ar *The account books of the Franciscan House, Broad Lane in Cork, 1764-1921*, a chuir Clare Murphy agus Liam Kennedy in eagar agus cuardach simplí atá sa dara ceann acu ar eagrán *Analecta Hibernica*, bunaithe ar theideal na cáipéise, an t-eagarthóir nó uimhir an imleabhair i gcomhair eagrán 1 go 53.

Tá CLÉ den tuairim go bhfuil digitíú liosta na saothar atá fós i gcló aige mar dhlúthchuid dá shainchúram seirbhíse poiblí chun rochtain agus feasacht ar na foinsí príomhúla lámhscríbhinní atá caomhnaithe i gcló aige a fheabhsú. De réir na modhanna agus na n-acmhainní a chuirtear ar fáil dó, déanann CLÉ a dhícheall le cearta úinéirí an ábhair ar fad a úsáidtear sa chuid dá shuíomh gréasáin darb ainm Eagrán Dhigiteacha (Digital Editions) a fhoinsíú agus lua. Tugann CLÉ cuireadh d'úinéirí a chreideann nár sainaitníodh iad i gceart ar shuíomh gréasáin CLÉ, nó a chreideann nár léiríodh meas dá gcóipcheart i gceart, teagmháil a dhéanamh le CLÉ trí ríomhphost ag support@irishmanuscripts.ie nó ar an nguthán ag + 353 16761610.

Comhoibriú - Maoinchiste Annála Samhalta na hÉireann

Mar príomh-chomhpháirtí i Maoinchiste Annála Samhalta na hÉireann, tá CLÉ tar éis go leor eagrán dhigiteacha agus chlóite óna chatalóg saothar a chur ar fáil chomh maith le 65 alt as *Analecta Hibernica* atá mar chuid de na 'replacement collections' inchuadaithe nó a chuireann leis an mbunachar faisnéise i gcoitinne i Maoinchiste Annála Samhalta na hÉireann. Tá CLÉ ag comhoibriú go fóill le Maoinchiste Annála Samhalta na hÉireann chun cóipeanna d'eagrán scolártha a sholáthar chun cur le híomhánna de lámhscríbhinní bunaidh i mbaillúcháin ó taisclanna rannpháirteacha a chuirfeadh ar ardán Mhaoinchiste Annála Samhalta na hÉireann. Fianaise láidir ar thairbhe an chomhoibríthe is ea an fheidhmiúlacht cuardaigh níos fearr a chuireann Maoinchiste Annála Samhalta na hÉireann ar fáil agus infhionntacht an léinn in eagrán CLÉ trí bhailiúcháin choimeáda.

Rannpháirtíocht phoiblí

Féile Staire Bhaile Átha Cliath 2023

Chuir an tOllamh Anne Dolan (TCD) agus an Dr Eve Morrison (UCD) léacht phoiblí dar teideal "Reading the Unreadable - Ernie O'Malley's notebooks" i láthair i léachtlan plódaithe Uimh. 45 Cearnóg Mhuirfean. Reáchtáladh an léacht Dé Sathairn, 7 Deireadh Fómhair mar ionchur CLÉ ag Féile na Staire, Baile Átha Cliath in 2023.

Phléigh an Dr Morrison saothar Uí Mháille agus na dearcthaí uathúla a thaifeadh sé sna hagallaimh a rinne sé le hiarshaighdiúirí Chogadh na gCarad in Éirinn. Mar réabhlóidí Éireannach é féin, a chuaigh le hÓglaigh na hÉireann in 1918 agus a rinne seirbhís mar bhall de Chomhairle an Airm Frith-Chonartha, dúirt Ó Máille, "I thought it better to collect the information, because in Ireland the men will tell me the truth about themselves." Ó na 1930idí go dtí 1953 chuir Ó Máille agallamh ar c. 450 iarshaighdiúir agus rinne sé taifeadh orthu ina gcuid leabhar nótaí go neamhbhalbh agus gan aon ní a cheilt. Cé go bhfuil an-luach

COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA hÉIREANN (Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)

TUAIRISC NA STIÚRTHÓIRÍ DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2023

stairiúil leis na tras-scríbhinní seo, ní bhaintear dóthain úsáide astu mar gheall ar pheannaireacht Uí Mháille, atá fíordheacair a léamh. Phléigh an tOllamh Dolan úsáid Transkribus, áis cheannródaíoch chun cuidiú le peannaireacht Uí Mháille a léamh. Tharraing sí aird ar an gcumhacht agus ar na teorainneacha a bhaineann leis. Cé gur féidir leis na bogearraí nithe a fhoghlaim agus dul in oiriúint do nithe chun peannaireacht Uí Mháille a léamh go tapúil agus chun leibhéal arda chruinnis a bhaint amach, ní féidir leis ciall ná comhthéacs a chur ar an téacs ná ar an bponcaíocht ná léirmhíniú a thabhairt ar na sceitsí agus na léaráidí a dhéanadh Ó Máille go minic ina chuid nótaí. Foilseoidh Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann leabhair nótaí Earnáin Uí Mháille, agus iad tras-scríofa agus anótáilte ina n-iomláine, in ocht n-imleabhar ó 2024 ar aghaidh.

Foireann

Tá fostaí buan amháin ag an gCoimisiún, an Dr Cathy Hayes, Riarthóir, a ceapadh i mí Iúil 2006. Cuireann Judith O'Brien Uas. (páirtaimseartha) agus Sarah Rowley Uas. (lánaimseartha) cúnamh riaracháin ar fáil ar bhonn conartha.

Íocaíocht d'Fhoireann CLÉ

De réir an tuairiscithe airgeadais faoi láthair, éilítear orainn an líon ball foirne buan a ghnóthaíonn os cionn €60,000 per annum a liostú inár ráitis airgeadais. Luaimid na leibhéil tuarastail ar fad thíos ar mhaithe leis an bhfollasacht.

Maidir le tuarastail, is é seo a leanas an miondealú ar olltuarastail in 2023:

Tuarastal idir €60,000 – €70,000 per annum: 1 duine
Tuarastal idir €50,000 – €60,000 per annum: 0 duine
Tuarastal idir €40,000 – €50,000 per annum: 1 duine*
Tuarastal idir €30,000 – €40,000 per annum: 1 duine
Tuarastal idir €20,000 – €30,000 per annum: 0 duine
*bunaithe ar thuarastal bliantúil coibhéiseach pro rata d'fhostaithe faoi chonradh i gcomhair seirbhíse

Sláinte agus sábháilteacht fostaithe

Cosnaítear folláine fhostaithe na cuideachta trí chaighdeán sláinte agus sábháilteachta a chomhlíonadh. Sa reachtaíocht sláinte agus sábháilteachta, forchuirtear ceanglais áirithe ar fhostóirí agus tá na bearta riachtanacha déanta ag an gCuideachta le comhlíonadh na reachtaíochta a chinntiú, lena n-áirítear Ráiteas Sábháilteachta agus Ráiteas maidir le Dínit agus Meas ag an Obair a ghlacadh. D'éirigh le gach ball foirne sa chlár Safe to Create.

Airgeadas

Mar a rinne sé sna blianta roimhe seo, ba mhaith le CLÉ aitheantas a thabhairt don chistiú a fuair sé in 2023 ón Roinn Turasoireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán. Murach an deontas a chuir an Roinn ar fáil, ní bheadh CLÉ in ann a shainchúram a fhreastal. Tá an cistiú ríthábhachtach bliantúil seo mar bhonn agus taca ag clár foilseachán CLÉ. Cé gur cuireadh fáilte roimh an méadú (€10,000) sa deontas bliantúil in 2023, tá sé tábhachtach an leibhéal cistithe seo a choinneáil ionas go mbeidh CLÉ in ann a chlár oibre a fhorbairt agus dul i ngleic leis na costais atá ag ardú, lena n-áirítear tionchar an bhoilscithe ar chostais fuinnimh, rud a theastaíonn lena shainchúram a fhreastal.

COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA hÉIREANN (Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)

TUAIRISC NA STIÚRTHÓIRÍ
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2023

An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltacht, Spóirt agus Meán

Ba mhaith le CLÉ aitheantas a thabhairt freisin do bhaill Aonad Institiúidí Cultúrtha na Roinne a chuaigh i gcomhairle le CLÉ thar ceann na Roinne in 2023, go háirithe an tUas. John Kennedy agus Letitia Stepenske Uas., le cúnamh ó Aoife O'Sullivan Uas., Ona Daly Uas. agus Janet Gordon Uas. Táimid ag súil le hobair leanúnach a dhéanamh leis an Roinn chun sainchúram CLÉ a chomhlíonadh mar fhoilsitheoir foinsí príomhúla i gcomhair stair agus chultúr na hÉireann agus chun áit CLÉ mar nasc tábhachtach idir pobal na hoidhreacht cultúrtha agus an pobal taighdeoirí sna daonnachtaí i gcoitinne a fhorbairt.

Rialachas

Leanann Stiúrthóirí/Baill CLÉ an treoir do stiúrthóirí, rúnaithe agus baill cuideachtaí a thugtar sna leabhair eolais a dhéanann Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach. Déanann Bord CLÉ gach iarracht soláthar seirbhíse ardchaighdeán a chinntiú agus leanann sé dea-chleachtas rialachais, mar a achoimrítear sa Chód Rialachais, cód cleachtais deonach do charthanais.

Ar an 27 Márta, ceapadh stiúrthóir nua Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, an Dr Audrey Whitty, mar bhall *ex officio* den Choimisiún. Fágann sé seo go bhfuil naoi mball déag sa Choimisiún agus nach bhfuil ach post amháin eile le líonadh, post *ex officio* stiúrthóir Oifig Taifead Poiblí Thuaisceart Éireann.

Cruinnithe

In 2023 tháinig Bord Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann le chéile sé huair, cúig huair mar stiúrthóirí i gcomhair gnáthchruinnithe gnó agus uair amháin mar bhaill den Chruinniú Ginearálta Bliantúil.

Iniúchadh Neamhspleách

Déantar iniúchadh neamhspleách ar CLÉ gach bliain. Úsáidtear creat tuairiscithe Charities SORP chun na ráitis airgeadais a ullmhú d'fhonn follasacht iomlán. Glacadh le ráitis airgeadais iniúchta sa CGB a réachtáladh ar an 27 Márta 2023 agus taisceadh iad leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí ina dhiaidh sin.

Ballraíocht – dearbhuithe maidir le caighdeán in oifigí poiblí

Tuairiscíonn baill ar fad CLÉ dearbhuithe maidir le Caighdeán in Oifigí Poiblí i gcomhair aon bhliana nó aon choda de bhliain ina ndearna siad seirbhís ar bhord CLÉ. Coinnítear na ráitis seo in oifig CLÉ agus tá siad ar fáil lena n-iniúchadh ag an gCoimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí.

Taighde agus Forbairt

Níor tabhaíodh aon chostais taighde agus forbartha le linn na bliana.

Teagmhais Iarchláir Chomhardaithe

Ní raibh aon teagmhais shuntasacha a chuaigh i bhfeidhm ar an gcuideachta ó dheireadh na bliana agus níl na stiúrthóirí den tuairim go dtiocfaidh aon athruithe suntasacha ar chineál an ghnó.

COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA hÉIREANN
(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)

TUAIRISC NA STIÚRTHÓIRÍ
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2023

Deonacháin Pholaitiúla

Níor thug an chuideachta aon deonachán polaitiúil le linn na bliana.

Taifid Chuntasaíochta

Is iad na bearta atá déanta ag na stiúrthóirí chun comhlíonadh Ailt 281 go 285 d'Acht na gCuideachtaí a chinntiú maidir le taifid chuí chuntasaíochta ná beartais agus nósanna imeachta riachtanacha a chur i bhfeidhm chun idirbhearta a thaifeadh, pearsanra inniúil cuntasaíochta ag a bhfuil an saineolas cuí a fhostú, agus acmhainní leordhóthanacha a sholáthar don fheidhm airgeadais. Coinnítear na taifid chuntasaíochta ag 45 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2.

Ráiteas maidir le faisnéis ábhartha iniúchóireachta

Tá an méid seo a leanas dearbhaithe ag gach duine a bheidh ina stiúrthóir nuair a fhaomhfar Tuarascáil na Stiúrthóirí:

- Go bhfios don stiúrthóir, níl faisnéis ábhartha iniúchóireachta ann nach bhfuil iniúchóirí na Cuideachta feasach uirthi, agus
- Tá na céimeanna ar fad ba cheart do stiúrthóir a thógáil tar éis a bheith tógtha ag an stiúrthóir chun bheith feasach ar aon fhaisnéis ábhartha iniúchóireachta agus lena dheimhniú go bhfuil iniúchóirí na Cuideachta feasach ar an bhfaisnéis sin.

Iniúchóirí

De réir Alt 383(2) d'Acht na gCuideachtaí 2014, thug na hiniúchóirí Duignan Carthy O'Neill Limited, Chartered Accountants, a dtuillteanas leanúint in oifig.

Thar ceann an Bhoird

John McCafferty (Cathaoirleach)
Stiúrthóir

Nicola Morris
Stiúrthóir

Dáta: 27 Feabhra 2024

COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA hÉIREANN
(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)

TUAIRISC NA nINIÚCHÓIRÍ NEAMHSPLEÁCHA CHUIG COMHALTAÍ CHOIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA hÉIREANN

Tuairisc ar an iniúchadh ar na ráitis airgeadais

Tuairim

Tá ráitis airgeadais Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann (an 'Cuideachta') iniúchta againn don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023, agus cuimsítear leo an Ráiteas ar Ghníomhaíochtaí Airgeadais, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas Sreabhaidh Airgid agus na nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais, lena n-áirítear an achoimre ar bheartais shuntasacha chuntasaíochta a leagtar amach i Nóta 2. Is é an creat tuairiscithe airgeadais a cuireadh i bhfeidhm agus iad á n-ullmhú ná Dlí na hÉireann agus Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102, an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa RA agus i bPoblacht na hÉireann, arna eisiúint sa Ríocht Aontaithe ag an Financial Reporting Council.

Maidir leis na ráitis airgeadais, táimid den tuairim:

- Go dtugtar léargas fírinneach cóir iontu ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais na Cuideachta ar an 31 Nollaig 2023 agus ar a barrachas don bhliain dar chríoch sin;
- gur ullmhaíodh iad i gceart de réir Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102, an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa RA agus i bPoblacht na hÉireann; agus
- gur ullmhaíodh iad i gceart de réir cheanglais Acht na gCuideachtaí, 2014.

Bunús leis an tuairim

Rinneamar ár n-iniúchadh de réir Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (Éire) (ISAanna (Éire)) agus an dlí is infheidhme. Cuirtear síos níos mó ar ár bhfreagrachtaí faoi na caighdeáin sin sa chuid dár dtuarascáil ina bpléitear freagrachtaí na nIniúchóirí don iniúchadh ar na ráitis airgeadais. Táimid neamhspleách ar an gCuideachta de réir na gceanglas eitice is ábhartha dár n-iniúchadh ar ráitis airgeadais in Éirinn, lena n-áirítear Caighdeán Eiticíúil d'Iniúchóirí (Éire) arna eisiúint ag Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann, agus tá ár gcuid freagrachtaí eitice eile comhlíonta againn de réir na gceanglas sin.

Creidimid go bhfuil an fhianaise atá faighte againn leordhóthanach agus cuí chun bunús a thabhairt lenár dtuairim.

Conclúidí a bhaineann le gnóthas leantach

Agus na ráitis airgeadais iniúchta againn, táimid tagtha ar an tuairim go bhfuil sé cuí do na stiúrthóirí bunús cuntasaiochta an ghnóthais leantaigh a úsáid chun na ráitis airgeadais a ullmhú.

Bunaithe ar an obair a rinneamar, níor shainaithníomar aon éiginnteachtaí ábhartha a bhaineann le himeachtaí ná coinníollacha a d'fhéadfadh, ina n-aonar nó le chéile, amhras suntasach a chaitheamh ar inniúlacht na Cuideachta leanúint mar ghnóthas leantach go ceann tréimhse dhá mhí dhéag ar a laghad ón dáta a údarófar na ráitis airgeadais lena n-eisiúint.

Cuirtear síos ar ár bhfreagrachtaí agus ar fhreagrachtaí na stiúrthóirí maidir le gnóthas leantach sna codanna ábhartha den tuarascáil seo.

Eolas eile

Is iad na stiúrthóirí atá freagrach as an eolas eile. Cuimsítear leis an eolas eile an t-eolas a áirítear leis an Tuarascáil Bhliantúil seachas na ráitis airgeadais agus ár dtuarascáil Iniúchóireachta ina leith. Ní chléidítear an t-eolas eile lenár dtuairim ar na ráitis airgeadais agus, ach amháin sa mhéid a luaitear go follasach inár dtuarascáil seachas sin, ní léirímid aon chineál conclúide dearbhaithe ina leith.

Is é an fhreagracht atá orainn ná an t-eolas eile a léamh agus, lena linn sin, a bhreithniú an bhfuil an t-eolas eile ar neamhréir ábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas a fuair eamar san iniúchadh, nó an bhfuil an chuma air gur míshonraíodh é go hábhartha. Má shainaithnímid neamhréireachtaí den chineál sin nó míshonruithe ábhartha

COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA hÉIREANN
(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)
TUAIRISC NA nINIÚCHÓIRÍ NEAMHSPLEÁCHA CHUIG COMHALTAÍ CHOIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA hÉIREANN
(AR LEAN)

dealraitheacha, éilítear orainn a fháil amach an bhfuil míshonrú ábhartha sna ráitis airgeadais nó an bhfuil míshonrú ábhartha san eolas eile. Má thagaimid ar an tuairim, bunaithe ar an obair atá déanta againn, go ndearnadh míshonrú ábhartha ar an eolas eile seo, éilítear orainn é sin a thuairisciú.

Níl aon rud le tuairisciú againn ina thaobh seo.

Tuairim maidir le hábhair eile a fhorordaítear in Acht na gCuideachtaí 2014

Is é an tuairim atá againn, bunaithe ar an obair a rinneadh i gcaitheamh an iniúchta, ná an méid a thuairiscítear anseo:

- Tá an fhaisnéis a thugtar i dTuarascáil na Stiúrthóirí don bhliain airgeadais ar ullmhaíodh na ráitis airgeadais ina leith comhsheasmhach leis na ráitis airgeadais; agus
- ullmhaíodh Tuarascáil na Stiúrthóirí de réir na gceanglas dlíthiúil is infheidhme.

Tá an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaíonn chun críocha ár n-iniúchta, chomh fada lenár n-eolas agus lenár dtuiscint, faighte againn.

Táimid den tuairim go raibh taifid chuntasaíochta na Cuideachta leordhóthanach le gurbh fhéidir iniúchadh pras agus ceart a dhéanamh ar na ráitis airgeadais, agus go bhfuil na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na taifid chuntasaíochta.

Ábhair a n-éilítear orainn iad a thuairisciú mar eisceacht

Bunaithe ar an eolas agus an tuiscint ar an gCuideachta agus ar a timpeallacht a fuarthas i gcaitheamh an iniúchta, níl aon mhíshonruithe ábhartha sainaitheanta againn i dTuarascáil na Stiúrthóirí.

In Acht na gCuideachtaí 2014, éilítear orainn tuairisc a thabhairt duit i gcás, dar linn, nach gcomhlíonann an Chuideachta ceanglais aon ailt ó 305 go dtí 312 den Acht, a bhaineann le luach saothair agus idirbhearta na stiúrthóirí. Níl aon rud le tuairisciú againn ina thaobh seo.

Freagrachtaí faoi seach agus srianta ar úsáid

Freagrachtaí na Stiúrthóirí

Mar a míníodh ar bhealach ní ba shoiléire sna Ráitis ar Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí ar leathanach 4, tá na stiúrthóirí freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú de réir an chreata tuairiscithe airgeadais is infheidhme chun léargas fírinneach cóir a thabhairt, agus chun an rialú inmheánach sin a chinneann na stiúrthóirí a bheith riachtanach chun ullmhú ráiteas airgeadais atá saor ó mhíshonrú ábhartha, bíodh sé sin de bharr calaoise nó earráide, a chumasú.

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú acu, tá na stiúrthóirí freagrach as measúnú a dhéanamh ar inniúlacht na Cuideachta leanúint mar ghnóthas leantach agus as ábhair a bhaineann le gnóthas leantach a nochtadh, de réir mar is infheidhme, agus as bunús an ghnóthais leantaigh sa chuntasaíocht a úsáid ach amháin i gcás ina bhfuil sé beartaithe ag an lucht bainistíochta an Chuideachta a leachtú nó deireadh a chur le hoibríochtaí, nó mura bhfuil rogha réadúil eile acu ach é sin a dhéanamh.

COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA hÉIREANN
(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)

**TUAIRISC NA nINIÚCHÓIRÍ NEAMHSPLÉÁCHA CHUIG COMHALTAÍ CHOIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA hÉIREANN
(AR LEAN)**

Freagrachtaí na n-iniúcháirí as na ráitis airgeadais a iniúchadh

Is iad na cuspóirí atá againn ná dearbhú réasúnach a fháil maidir le cé acu an bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíshonrú ábhartha nó nach bhfuil, bíodh sé sin de bharr calaoise nó earráide, agus Tuarascáil Iniúcháir a eisiúint a n-áirítear ár dtuairim léi. Leibhéal ard dearbhaithe is ea dearbhú réasúnach, ach ní féidir talamh slán a dhéanamh de go n-aimseofar míshonrú ábhartha i gcónaí nuair is ann dó nuair a dhéantar iniúchadh de réir ISAnna (Éire). Féadann míshonruithe a bheith ann de bharr calaoise nó earráide agus breithnítear iad a bheith ábhartha, ina n-aonar nó trí chéile, má mheastar go réasúnach go bhféadfaidís tionchar a imirt ar chinntí geilleagracha úsáideoirí ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Neamhchomhlíontacht le dlíthe agus rialacháin atá i gceist le neamhrialtachtaí, lena n-áirítear calaois. Dearaimid nósanna imeachta ar aon dul lenár bhfreagrachtaí, a achoimrítear thuas, chun míshonruithe ábhartha a aimsiú i dtaca le neamhrialtachtaí, lena n-áirítear calaois.

Cuirtear síos níos mó ar ár bhfreagrachtaí maidir le ráitis airgeadais a iniúchadh ar shuíomh gréasáin Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann: <https://www.iaasa.ie/Publications/Auditing-standards>. Tá an cur síos seo mar chuid dár dTuarascáil Iniúcháireachta.

Cuspóir ár gcuid oibre iniúcháireachta agus na daoine a bhfuilimid freagrach dóibh

Cuirtear an tuarascáil faoi bhráid bhaill na Cuideachta amháin, mar chomhlacht, de réir Alt 391 d'Acht na gCuideachtaí 2014. Rinneadh ár n-obair iniúcháireachta ionas gur féidir linn a lua le baill na Cuideachta na hábhair sin a n-éilítear orainn iad a lua leo i dTuarascáil Iniúcháireachta agus ní chun aon chríche eile. Sa mhéid is mó is féidir a cheadaítear faoin dlí, ní ghlacaimid ná ní thiomhdímíd freagracht do dhuine ar bith ach amháin don Chuideachta agus do bhaill na Cuideachta, mar chomhlacht, as an tuarascáil seo nó as na tuairimí ar tháingamar orthu.

Elizabeth Murphy

do agus thar ceann
Duignan Carthy O'Neill Limited

Cuntasóirí Cairte & Gnólacht Iniúchta Reachtúil

84 Bóthar Northumberland
Droichead na Dothra
Baile Átha Cliath 4

Dáta: 27 Feabhra 2024

COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA hÉIREANN
(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)

RÁITEAS NA nGNIOMHAÍOCHTAÍ
AIRGEADAIS (LENA nÁIRITEAR IONCAM
& CAITEACHAS)

DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31
NOLLAIG 2023

	Cistí Srianta	2023			2022		
		Cistí Neamhshri anta €	Cistí iomlána €	Cistí Srianta €	Cistí Neamhshri anta €	Cistí iomlána €	€
Ioncam ó:		€	€	€	€	€	€
Deontais cistithe ioncaim	6	280,000	280,000	350,000	-	350,000	
Gníomhaíochtaí eile		17,241	17,241	17,924	-	17,924	
Gníomhaíochtaí carthanachta					-	-	
Cíos neamhairgeadaíochta		44,082	44,082	41,692	-	41,692	
Ilghnéitheach		54	54	245	-	245	
Ioncam iomlán		341,377	341,377	409,861	-	409,861	
Caiteachas ar:		(83,903)	(83,903)	(75,465)	-	(75,465)	
Costais Riaracháin		(83,903)	(83,903)	(75,465)	-	(75,465)	
Costais Eagarthóireachta & Foilsitheoireachta		(95,549)	(95,549)	(91,703)	-	(91,703)	
Costais Oifige		(41,947)	(41,947)	(37,063)	-	(37,063)	
Tograí Speisialta		(11,310)	(11,310)	(17,528)	-	(17,528)	
Costais díolachán		(58,116)	(58,116)	(54,978)	-	(54,978)	
Táillí cíosa neamhairgeadaíochta		(44,082)	(44,082)	(41,692)	-	(41,692)	
Caiteachas iomlán		(334,907)	(334,907)	(318,429)	-	(318,429)	
Ioncam (caiteachas) Oibriúcháin Ús iníoctha		6,470	6,470	91,432	-	91,432	
Ús tuillte							
Glanioncam (glanchaiteachas)		6,470	-	6,470	91,432	-	91,432
Aistriú idir cistí							
Glanghluaiseacht i gcistí		6,470	-	6,470	91,432	-	91,432
Réiteach cistí:							
Cistí iomlána tugtha ar aghaidh		232,672	-	232,672	141,240	-	141,240
Ranníocaíocht chaipitil	13	154,831	-	154,831	154,831	-	154,831
Cistí iomlána tugtha ar aghaidh		393,973,	-	393,973	387,504	-	387,504

Baineann na gníomhaíochtaí ar fad le hoibríochtaí leanúnacha.

Tá na nótaí ar leathanaigh 20–9 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA hÉIREANN
(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)

CLÁR COMHARDAITHE
AR AN 31 NOLLAIG 2023

	Nóta	2023 €	2022 €
Sócmhainní seasta			
Sócmhainní doláimhsithe	7	5,641	6,928
Sócmhainní inláimhsithe	8	5,993	2,313
		11,634	9,241
Sócmhainní reatha			
Stoic	9	7,465	9,050
Féichiúnaithe: méideanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin	10	11,757	15,601
Airgead sa bhanc agus ar láimh	11	402,918	373,663
		<u>422,140</u>	<u>398,314</u>
Creidiúnaithe: méideanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin	12	(39,801)	(20,051)
Glansócmhainní reatha		382,339	378,263
Iomlán sócmhainní lúide dliteanais reatha		393,973	387,504
Glansócmhainní		<u>393,973</u>	<u>387,504</u>
		=====	=====
Caipiteal agus cúlchistí			
Cúlchistí eile		154,831	154,831
Cuntas brabúis agus cailiteanais		239,142	232,673
Cistí na scairshealbhóirí		<u>393,973</u>	<u>387,504</u>
		=====	=====

D'fhaomh an Bord na ráitis airgeadais agus cheadaigh a n-eisiúint:

John McCafferty (Cathaoirleach)

Stiúrthóir

Dáta: 27 Feabhra 2024

Nicola Morris

Stiúrthóir

Tá na nótaí ar leathanaigh 20 go 29 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA hÉIREANN
(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)

RÁITEAS SREABHAIDH AIRGID
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31
NOLLAIG 2023

	2023	2022
	€	€
Sreafaí airgid ó gníomhaíochtaí oibríúcháin		
Barrachas don bhliain airgeadais	6,470	91,432
Coigeartuithe le haghaidh:		
Amúchadh sócmhainní doláimhsithe	1,287	1,287
Dímheas ar shócmhainní inláimhsithe	2,509	1,490
Cailteanas ar dhiúscairt sócmhainní inláimhsithe		556
Laghdú/(méadú) ar stoic	1,585	(5,029)
Laghdú/(méadú) ar fhéichiúnaithe	3,844	(2,863)
laghdú/(méadú) ar chreidiúnaithe	19,749	(374)
Airgead glan arna ghiniúint ó ghníomhaíochtaí oibríúcháin	35,444	86,499
Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta		
Ceannachán sócmhainní seasta inláimhsithe	(6,189)	(1,300)
Airgead glan ó ghníomhaíochtaí infheistíochta	(6,189)	(1,300)
Glanmhéadú ar airgead tirim agus ar choibhéisí airgid thirim	29,255	85,199
Airgead agus coibhéis airgid ag tús na bliana	373,663	288,464
airgead agus coibhéis airgid ag deireadh na bliana	402,918	373,663
Cuimsítear le airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ag deireadh na bliana:		
Airgead sa bhanc agus ar láimh	402,918	373,663
	402,918	373,663

Tá na nótaí ar leathanaigh 20 go 29 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA hÉIREANN
(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)

**NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31
NOLLAIG 2023**

1. Eolas Ginearálta

Is éard atá sna ráitis airgeadais seo, lena gcuimsítear an Ráiteas ar Ghníomhaíochtaí Airgeadais, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus na nótaí gaolmhara ná ráitis airgeadais ar leith Choimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2023.

Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta, a corpraíodh i bPoblacht na hÉireann, is ea Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann. Corpraíodh an chuideachta in Éirinn ar an 24 Eanáir 2006. Is é uimhir chláraithe na Cuideachta ná 414351 agus tá a hoifig chláraithe lonnaithe ag 45 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2. Leagtar amach cineál oibríochtaí na cuideachta agus a príomhghníomhaíochtaí i dTuarascáil na Stiúirthóirí.

2. Beartais chuntasaíochta

2.1 Bunús d'ullmhú na ráiteas airgeadais

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102, an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa RA agus i bPoblacht na hÉireann agus de réir reacht Éireannach arb é Acht na gCuideachtaí 2014 atá inti.

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais in euro, airgeadra feidhmiúil na Cuideachta.

Bunaíodh Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann faoi dhlí cuideachtaí na hÉireann mar chuideachta faoi theorainn ráthaíochta agus é mar charthanas cláraithe a bhfuil a fheidhmíocht glactha agus tuairiscithe aige de réir na formáide arna foráil i Ráiteas um Chleachtas Molta (SORP) na gCarthanas agus a thuiriscíonn a fheidhmíocht don bhliain airgeadais go háirithe i bhformáid an Ráitis Gníomhaíochtaí Airgeadais (SOFA) ón Ráiteas um Chleachtas Molta (SORP).

Forfheidhmíodh Acht na gCuideachtaí 2014 sa dlí ar an 1 Meitheamh 2015 agus ón dáta sin ar aghaidh feidhmíodh leis formáid agus ábhar na gceanglas maidir le ráitis airgeadais is cuí do Chuideachta atá ag trádáil ar son bhrabús a cuid ball go cuideachta ar eagraíocht sheachbhrabúsach í. D'fhoill faisnéis a chur ar fáil atá ábhartha chun tuiscint a fháil ar mhaoirseacht na stiúirthóirí agus ar fheidhmíocht agus staid airgeadais an charthanais, d'ullmhaigh Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann a ráitis airgeadais de réir na bhformáidí a fhoráiltear i Ráiteas um Chleachtas Molta na gCarthanas (FRS 102).

Tá na stiúirthóirí den tuairim gurb é an chuntasaíocht is cuí chun gníomhaíochtaí na heagraíochta a léiriú agus a nochtadh i gceart ná glacadh le ceanglais an Ráitis um Chleachtas Molta. Dá gcuirfí formáid agus ábhar na gceanglas maidir le ráitis airgeadais in Acht na gCuideachtaí do chuideachta ag trádáil ar son bhrabús a cuid ball i láthair ina ionad, thuirisceofaí cuntas brabúis agus caillteanais i dteannta nótaí ina léireofaí nithe amhail Láimhdeachas agus Costas Díolachán in éineacht le "brabús" ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh cháin.

Cuireadh na príomhbheartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm:

2.2 Ioncam

Luaitear ioncam glan ó lascaí trádála agus lacáistí ar an mórchoir agus díorthaítear é ó dhíolachán leabhar atá laistigh de ghnáthghníomhaíochtaí na cuideachta. Aithnítear ioncam ó dhíolachán leabhar nuair a aistríonn an chuideachta na rioscaí agus na luaíochtaí suntasacha a bhaineann le húinéireacht na n-earraí, a tharlaíonn de ghnáth nuair a sheachadtar na leabhair go fisiciúil chuig a gceannaitheoir.

COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA hÉIREANN
(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)

**NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31
NOLLAIG 2023**

2. Beartais chuntasaíochta (ar lean)

2.3 Pinsin

Plean pinsin le ranníocaíocht shainithe

Feidhmíonn an Chuideachta plean le ranníocaíocht shainithe dá cuid fostaithe. Plean pinsin is ea plean le ranníocaíocht shainithe, ina n-íocann an Chuideachta ranníocaíochtaí seasta le heintiteas ar leithligh. Nuair a íoctar na ranníocaíochtaí, níl aon oibleagáidí eile ar an gCuideachta.

Aithnítear na ranníocaíochtaí mar chostas ó thaobh brabúis agus caillteanais de nuair atá siad dlíte. Taispeántar méideanna nach n-íoctar i bhfabhrúithe mar dhlíteanas sa Chlár Comhardaithe. Coinnítear sócmhainní an phlean ar leithligh ón gCuideachta i gcistí a riartar go neamhspleách.

2.4 Ainm na Cuideachta

Fuair an Chuideachta faomhadh faoi Alt 1180(1) d'Acht na gCuideachtaí 2014 na focail 'Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta' a fhágáil ar lár óna hainm.

2.5 Sócmhainní doláimhsithe

Aithnítear sócmhainní doláimhsithe i dtosach ar a gcostas. Tar éis dóibh a bheith aitheanta, faoin tsamhail chostais, ríomhtar sócmhainní doláimhsithe ar a gcostas lúide aon amúchadh carntha agus aon chaillteanais lagaithe carntha.

Meastar go bhfuil saolré ionchais chríochna ag gach sócmhainn dholáimhsithe. Mura féidir meastachán a dhéanamh ar an tsaolré ionchais, ní bheidh an tsaolré ionchais níos faide ná deich mbliana.

Foráiltear amúchadh ar na boinn seo a leanas:

Costais forbartha suímh ghréasáin 10%

2.6 Sócmhainní seasta inláimhsithe 10%

Luaitear sócmhainní seasta inláimhsithe faoin tsamhail chostais ar an gcostas stairiúil lúide dímheas carntha agus aon chaillteanais lagaithe carntha. Áirítear le costas stairiúil caiteachas a bhaineann go díreach leis an tsócmhainn a thabhairt chuig an suíomh agus an bhail atá riachtanach le gur féidir leis feidhmiú ar an gcaoi atá beartaithe ag an lucht bainistíochta.

Muirearaítear dímheas chun costas na sócmhainní a leithdháileadh lúide a luach iarmharach i gcaitheamh a saolréanna ionchais measta, trí mhodh an mhéid chothroim a úsáid.

Foráiltear dímheas ar an mbonn seo a leanas:

Daingneáin agus Feistis 20%

Athbhreithnítear luachanna iarmharacha, saolréanna ionchais agus modhanna dímheasa na sócmhainní, agus coigeartaítear iad go hionchasach más cuí, nó má thugtar athrú suntasach le fios ón dáta tuairiscithe roimhe seo.

Cinntear gnóthachain agus caillteanais ar dhiúscairtí trí chomparáid a dhéanamh idir na fáiltais agus an tsuim ghlanluacha agus aithnítear iad sa chuntas brabúis agus caillteanais.

COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA hÉIREANN
(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)

**NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31
NOLLAIG 2023**

2. Beartais chuntasaíochta (ar lean)

2.7 Féichiúnaithe

Ríomhtar féichiúnaithe gearrthearma ar phraghas an idirbhirt, lúide aon laige. Ríomhtar iasachtaí infhála i dtosach ar luach cóir, glan ó chostais bheartaíochta, agus ríomhtar iad ina dhiaidh sin ar chostas amúchta agus modh an úis ghlain á úsáid, lúide aon laige.

2.8 Stoc

Luacháiltear stoic leabhar ar cibé acu is ísle, an costas nó an glanluach inréadaithe. Ós rud é go mbíonn méideanna díolachán leabhar arna bhfoilsíú ar an leibhéal is airde sa chéad dá bhliain i ndiaidh dháta a bhfoilsithe, tá stiúthóirí den tuairim nach féidir ach leabhair a fhoilsítear laistigh de dhá bhliain den deireadh bliana a áireamh le luach an stoic. Tá foráil déanta i leith an chuid eile de na stoic leabhar gur stoc atá á dhíol go mall nó stoc críon iad.

2.9 Airgead agus coibhéis airgid

Is ionann airgead tirim agus airgead ar láimh agus tascí ag institiúidí airgeadais is inaisíochta gan phionós ar fhógra nach mó ná 24 uair an chloig. Is ionann coibhéisí airgid thirim agus infheistíochtaí fíorleachtacha a aibíonn thar thréimhse nach mó ná trí mhí ón dáta éadála agus atá in-chomhshóite go héasca mar mhéideanna airgid is eol a mbaineann riosca neamhshuntasach leo ó thaobh athrú ar luach de.

Sa Ráiteas Sreabhaidh Airgid, taispeántar airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim glan ó rótharraingtí bainc is inaisíochta ar éileamh agus tá siad mar dhlúthchuid de bhainistíocht airgid na Cuideachta.

2.10 Creidiúnaithe

Ríomhtar creidiúnaithe gearrthearma ar phraghas an idirbhirt. Ríomhtar dliteanais airgeadais eile, lena n-áirítear iasachtaí bainc, i dtosach ar luach cóir, glan ó chostais bheartaíochta, agus ríomhtar iad ina dhiaidh sin ar chostas amúchta agus modh an úis ghlain á úsáid.

2.11 Seirbhísí Cíos

Tá úsáid an fhoirgnimh ag 45 Cearnóg Mhuirfean ag Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann. Ní ghearrann úinéir an fhoirgnimh aon chíos ar an gcuideachta, áfach. Ós rud é gur seirbhís dheonaithe é seo a sholáthraítear don chuideachta measann na stiúthóirí gur gá an tseirbhís dheonaithe a aithint sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais. D'áirigh siad táille chíos chomhfhreagrach leis an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais freisin.

Gearrtar an cíos ar luach margaidh an mhargaidh cíos i mBaile Átha Cliath 2 i gcomhair réadmhaoin ar mhéid chomhchosúil.

2.12. Cáin

Tá an chuideachta saor ó cháin mar gheall ar a stádas carthanachta, uimhir charthanais 20063559 (Uimhir CHY: 17206).

2.13 Deontais rialtais

Úsáidtear an tsamhail feidhmíochta chun deontais a aithint nuair atá dearbhú réasúnach ann go bhfaighfean an deontas agus go gcloífean leis na coinníollacha ar fad a ghabhann leis. Scaoiltear deontais i gcomhair caiteachas caipitiúil chuig an gcuntas ioncaim agus caiteachais thar shaolré ionchais na sócmhainní. Scaoiltear deontais i gcomhair caiteachas ioncaim chuig an gcuntas ioncaim agus caiteachais de réir mar a thabhaítear an caiteachas gaolmhar.

COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA hÉIREANN
(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)

**NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31
NOLLAIG 2023**

2. Beartais chuntasaíochta (ar lean)

2.14 Ionstraimí airgeadais

Ní théann an Chuideachta i mbun ach idirbhearta bunionstraimí airgeadais a n-aithnítear sócmhainní agus dliteanais airgeadais amhail trádáil agus féichiúnaithe agus creidiúnaithe eile, iasachtaí ó bhainc agus ó thríú páirtithe eile, iasachtaí do pháirtithe gaolmhara agus infheistíochtaí i ngnáthscaireanna mar thoradh orthu.

Ríomhtar ionstraimí fiachais (seachas iad siúd is inaisíochta nó is infhála ina n-iomláine laistigh de bhliain amháin), lena n-áirítear iasachtaí agus cuntais eile is infhaighte agus is iníochta, i dtosach ar luach láithreach na sreafaí airgid todhchaíochta ar chostas amúchta agus modh an úis ghlain á úsáid. Ríomhtar ionstraimí fiachais is iníochta nó is infhaighte laistigh de bhliain amháin, féichiúnaithe agus creidiúnaithe trádála go hiondúil, i dtosach agus ina dhiaidh sin, ar an méid neamhscainithe airgid tirim nó ar chomaoin eile a mheastar a íocfar nó a gheofar. Más ionann socruithe ionstraimí gearrthearma agus idirbheart airgeadais, áfach, amhail íocaíocht fiach trádála arna chur siar thar ghnáth-thearmaí gnó nó i gcás iasacht gearrthearma glan amach nach bhfuil ar ráta an mhargaidh, ríomhtar an tsócmhainn nó an dliteanas airgeadais, i dtosach ar luach láithreach sreafaí airgid todhchaíochta lascainithe ar ráta úis margaidh d'ionstraimí fiachais chomhchosúil agus ina dhiaidh sin ar chostas amúchta, mura bhfuil sé/sí cáilithe mar iasacht ó stiúrthóir i gcás cuideachta bheag, nó iasacht lamháiltais eintitis leasa phoiblí.

Déantar measúnú ar shócmhainní airgeadais a ríomhtar ar a gcostas agus ar chostas amúchta ag deireadh gach tréimhse tuairiscithe i gcomhair fianaise oibiachtúil ar lagú. Má aimsítear fianaise oibiachtúil, aithnítear cailiteanais lagaithe sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach.

Maidir le sócmhainní airgeadais a ríomhtar ar chostas amúchta, ríomhtar an cailiteanas lagaithe mar an difríocht idir suim ghlanluacha sócmhainne agus luach láithreach sreafaí airgid arna meas agus iad lascainithe ar ráta úis glan bunaidh na sócmhainne. Má tá ráta úis athraitheach ag sócmhainn airgeadais, is é an ráta lascaine chun aon chailiteanais lagaithe a ríomh ná an ráta úis glan reatha arna chinneadh faoin gconradh.

Maidir le sócmhainní airgeadais a ríomhtar ar a gcostas lúide laige, ríomhtar an cailiteanas lagaithe mar an difríocht idir suim ghlanluacha sócmhainne agus an meastachán is fearr ar an méid in-aisghabhála, ar neastachán é sin ar an méid a gheobhadh an Chuideachta ar an tsócmhainn dá ndíolfaí í ar dháta an chláir chomhardaithe.

COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA hÉIREANN
(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)

**NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31
NOLLAIG 2023**

3. Breithiúnais maidir le beartais chuntasaíochta a chur i bhfeidhm agus príomhfhoinsí éiginnteachta meastachán

Breithníonn na stiúrthóirí na meastacháin agus na foshuíomhanna cuntasaíochta thíos mar a meastacháin agus a mbreithiúnais chuntasaíochta féin:

Gnóthas Leantach:

Measann na stiúrthóirí gur cuí na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhunús an ghnóthais leantaigh ar an mbonn go leanfar de thacaíocht airgeadais ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán. Dá réir sin, ní áirítear leis na ráitis airgeadais seo aon choigeartuithe ar na suimeanna glanluacha agus rangú sócmhainní agus dliteanas a d'fhéadfadh tarlú mura mbeadh an chuideachta in ann leanúint mar ghnóthas leantach.

Luacháil Stoc:

Luacháiltear stoic leabhar ar cibé acu is ísle, an costas nó an glanluach inréadaithe. Ós rud é go mbíonn méideanna díolachán leabhar arna bhfoilsíú ar an leibhéal is airde sa chéad dá bhliain i ndiaidh dháta a bhfoilsithe, tá stiúrthóirí den tuairim nach féidir ach leabhair a fhoilsítear laistigh de dhá bhliain den deireadh bliana a áireamh le luach an stoic. Tá foráil déanta i leith an chuid eile de na stoic leabhar gur stoc atá á dhíol go mall nó stoc críon iad.

Tabhartais Seirbhísí Cíos:

Luacháiltear an tabhartas i gcomhair úsáid an fhoirgnimh ar luach margaidh an chíos ar réadmhaoin chomhchosúil sa cheantar céanna.

Sócmhainní Seasta Doláimhsithe:

Is é an meastachán ar shaolré ionchais Sócmhainní doláimhsithe seasta ná 10 mbliana.

4. Íocaíocht do na hiniúcháirí

Le linn na bliana, fuair an Chuideachta na seirbhísí seo a leanas ó iniúcháirí na Cuideachta:

	2023	2022
	€	€
Íocaíocht do na hiniúcháirí	4,310	4,105

COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA hÉIREANN
(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)

**NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31
NOLLAIG 2023**

5. Fostaithe

Seo a leanas costais na foirne:

	2023	<i>2022</i>
	€	€
Pá agus tuarastail (lena n-áirítear conarthaí seirbhíse)	114,400	<i>108,120</i>
Costas árachais shóisialta	12,430	<i>11,708</i>
Costas ar scéim ranníocaíochta sainithe	6,860	<i>6,535</i>
	133,690	<i>126,363</i>

Seo a leanas an meánlíon míosúil foirne le linn na bliana:

	—	
	2023	<i>2022</i>
	Uimh.	Uimh.
Fostaithe	1	<i>1</i>

Tá ball foirne buan lánaimseartha amháin ag Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann agus fostaíonn sé beirt ar Conradh i gcomhair seirbhísí bunaithe ar chúnamh riaracháin.

6. Deontas na Roinne Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltacht, Spóirt agus Meán

Díorthaíodh ioncam iomlán na cuideachta don bhliain óna príomhghníomhaíocht, a rinneadh go hiomlán in Éirinn.

Tá dliteanas teagmhasach ann deontais rialtais a fhaightear a aisíoc mura n-úsáidtear an deontas don chuspóir dar tugadh é.

	2023	<i>2022</i>
	€	€
Deontas Bliantúil	280,000	<i>270,000</i>
Deontas forlíontach RTCEGSM	-	<i>65,000</i>
Ioncam Mná 100	-	<i>15,000</i>
	280,000	<i>350,000</i>

COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA hÉIREANN
(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31
NOLLAIG 2023

7. Sócmhainní doláimhsithe

	Bogearra í ríomhai reachta €
Costas	
Ar an 1 Eanáir 2023	12,874
Ar an 31 Nollaig 2023	12,874
Amúchadh	
Ar an 1 Eanáir 2023.	5,946
Táille don bhliain ar shócmhainní dílse	1,287
	7,233
Ar an 31 Nollaig 2023	-----
Glanluach de réir na leabhar	
Ar an 31 Nollaig 2023	5,641
<i>Ar an 31 Nollaig 2022</i>	6,928

COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA hÉIREANN
(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)

**NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31
NOLLAIG 2023**

8. Sócmhainní seasta inlámhsithe

	Daingneáin agus Feistis €
Costas nó luacháil	
Ar an 1 Eanáir 2023	61,601
Méideanna breise	6,189
Ar an 31 Nollaig 2023	67,790
Dímheas	
Ar an 1 Eanáir 2023	59,288
Táille don bhliain ar shócmhainní dílse	2,509
Ar an 31 Nollaig 2023	61,797
Glanluach de réir na leabhar	
Ar an 31 Nollaig 2023	5,993
<i>Ar an 31 Nollaig 2022</i>	2,313

Corpraíodh an chuideachta ar an 24ú Eanáir 2006 agus bronnadh troscán agus trealamh eile oifige uirthi ar mheas Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann luach €48,710 a bheith orthu. Aithnítear na sócmhainní seo sna méideanna breise thuas ar luach ainmniúil €1.

9. **Stoic**

	2023	2022
	€	€
Stoc leabhar	7,465	9,050

Luacháladh stoic leabhar ar cibé acu is ísle, an costas nó an glanluach inréadaithe.

COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA hÉIREANN
(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)

**NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31
NOLLAIG 2023**

10. Féichiúnaithe

	2023	2022
	€	€
Féichiúnaithe trádála	5,660	4,888
Féichiúnaithe eile	784	600
Réamhíocaíochtaí	5,313	10,113
	<u><u>11,757</u></u>	<u><u>15,601</u></u>

11. Airgead agus coibhéis airgid

	2023	2022
	€	€
Airgead sa bhanc agus ar láimh	402,918	373,663
	<u><u>402,918</u></u>	<u><u>373,663</u></u>

12. Creidiúnaithe: Amounts falling due within one year

	2023	2022
	€	€
Cáin agus árachas sóisialta	8,211	8,164
Creidiúnaithe eile	31	1,749
Fabhruithe	31,559	10,138
	<u><u>39,801</u></u>	<u><u>20,051</u></u>

13. Ranníocaíocht Chaipitil

Corpraíodh an chuideachta ar an 24ú Eanáir 2006 agus bhronn Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann airgead tirim €130,731 agus €24,100 mar stoc leabhar uirthi. Bronnadh troscán agus trealamh eile oifige uirthi freisin agus áiríodh iad seo leis na ráitis airgeadais ar luach ainmniúil €1. Tá ranníocaíocht chaipitil iomlán €154,831 ann dá bharr seo.

14. Costais phinsin

Is ionann na costais phinsin a ghearrtar sna ráitis airgeadais agus an ranníocaíocht is iníoctha ag an gcuideachta le fostaí CCSP ar bhonn céatadán seasmhach den olltuilleamh. B'ionann na costais phinsin agus €6,860 (2022: €6,535).

COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA hÉIREANN
(Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta)

**NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31
NOLLAIG 2023**

15. Cúiteamh príomhphearsanra bainistíochta

Níor íocadh aon chúiteamh le príomhphearsanra bainistíochta le linn na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2023.

16. Idirbhearta páirtithe gaolmhara

Cúitítear le stiúrthóirí as aon chaiteachas ar chostais taistil agus chothaithe arna dtabhú le linn dóibh a gcuid dualgas a chomhlíonadh. Le linn na bliana dar críoch 2023 ba iad na costais iomlána a cúitíodh ná €4,381 (2022: €1,535).

D'aontaigh an chuideachta le hOifig na nOibreacha Poiblí nach mbeidh aon chíos iníochta chun an spás oifige a úsáid. Faoi FRS 102 aithníodh luach margaidh €48,625, lúide costais €4,543 i ráitis airgeadais 2023 (2022: €41,692) mar sheirbhís dheonaithe neamhmalartaithe.

17. Teagmhais Iarchláir Chomhardaithe

Ní raibh aon teagmhais shuntasacha a chuaigh i bhfeidhm ar an gcuideachta ó dheireadh na bliana agus níl na stiúrthóirí den tuairim go dtiocfaidh aon athruithe suntasacha ar chineál an ghnó.

18. Páirtí rialaithe

Is iad Baill agus Bord Stiúrthóirí na cuideachta a rialaíonn í.

19. Faomhadh na ráiteas airgeadais

D'fhaomh an bord stiúrtha na ráitis airgeadais agus a n-eisiúint ar an 27 Feabhra 2024.